


Scoil gan daltaí

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi scoil gan daltaí. Sula bhféachfaidh tú ar an mír, an féidir leat féin agus an duine in aice leat Gaeilge a chur ar na focail agus ar na frásaí seo?

1. west _____
2. registered _____
3. national school _____
4. peninsula _____
5. situated _____
6. the teacher confirmed _____
7. desire, inclination _____
8. management committee _____
9. blow, setback _____
10. duty _____

Féachaigí ar an mír den chéad uair le feiceáil an gcabhróidh sé sin libh iad a thuiscint.



Ceist 2

Féach ar an mír den dara huair. Cén fáth ar luadh na figiúirí seo?

- 3
- 1
- 1978
- 200
- 33
- 100

Ceist 3

Bí ag obair leis an duine in aice leat arís. Cumaigí ceisteanna le cur ar a chéile faoi ábhar na míre. Bíodh ar a laghad cúig cheist agaibh.

Ceist 4

An tuiséal ginideach agus an t-alt

Bhí cúpla sampla den tuiséal ginideach agus an t-alt le cloisteáil sa mhír. Bain amach na lúbíní sna samplaí agus cuir an leagan ceart den ainmfhocal sna bearnaí.

in iarthar Chontae (an Clár)
i dtús (an scoilbhliain)
Scoil Náisiúnta (an Chrois)
uimhreacha (na leanaí)
lín (na daltaí)
coiste bainistíochta (an scoil)

Ceist 5 '...dá réir...'

Is iomaí nath cainte sa Ghaeilge leis an bhfocal 'réir' iontu. Cuir na cinn seo a leanas in abairtí lena mbrí a léiriú:

de réir
faoi réir
de réir dealraimh
de réir cosúlachta
de réir na huair

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. Cá ndeachaigh tú féin ar scoil náisiúnta? Cén cineál scoile a bhí inti?
2. Cad iad na cuimhní is fearr agus na cuimhní is measa atá agat ón mbunscoil?
3. Cén leigheas atá ar thitim daonra sa tuath in Éirinn, dar leat?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

1. west	<i>iarthar</i>
2. registered	<i>cláraithe</i>
3. national school	<i>scoil náisiúnta</i>
4. peninsula	<i>leithinis</i>
5. situated	<i>lonnaithe</i>
6. the teacher confirmed	<i>dhearbhaigh an múinteoir</i>
7. desire, inclination	<i>fonn</i>
8. management committee	<i>coiste bainistíochta</i>
9. blow, setback	<i>buille</i>
10. duty	<i>dualgas</i>

Ceist 2

Féach an script.

Ceist 3

Ceisteanna samplacha:

Cá bhfuil an scoil?

Cén bhliain ar tógadh an scoil nua?

Cé mhéad dalta a bhí sa scoil faoi dheireadh na míosa seo?

Cé mhéad dalta a bhí sa scoil sa bhliain 2009?

Cad a deir an Roinn Oideachais faoin scéal?

Cén fáth a bhfuil imní ar mhuintir na háite?

Cad a tharlaíonn do mhúinteoirí de ghnáth nuair nach bhfuil aon daltaí scoile fágtha sa scoil?

Ceist 4

in iarthar Chontae (an Clár)	<i>an Chláir</i>
i dtús (an scoilbhliain)	<i>na scoilbhliana</i>
Scoil Náisiúnta (an Chrois)	<i>na Croise</i>
uimhreacha (na leanaí)	<i>na leanaí</i>
líon (na daltaí)	<i>na ndaltaí</i>
coiste bainistíochta (an scoil)	<i>na scoile</i>

Ceist 5

de réir – *according to*

faoi réir – *prepared*

de réir dealraimh – *apparently*

de réir cosúlachta – *to all appearances*

de réir na huaire – *by the hour*

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Siún Nic Gearailt

Anois, tá scoil náisiúnta in iarthar Chontae an Chláir fágtha gan daltaí. I dtús na scoilbhliana seo bhí triúr daltaí cláraithe i Scoil Náisiúnta na Croise ar leithinis Cheann Léime an Chláir. Ach anois, tuigtear nach bhfuil aon dalta ag freastal ar an scoil, a¹ bhfuil aon mhúinteoir amháin inti.

Tomás Ó Mainnín

Lonnaithe ar leithinis Cheann Léime an Chláir atá Scoil Náisiúnta na Croise, lonnaithe sa bhaile den ainm céanna. Le blianta tá an daonra ag titim sa cheantar seo agus, dá réir, uimhreacha na leanaí sna scoileanna náisiúnta. Tógadh an scoil nua anseo in 1978. Roimis² sin, tráth den saol, bhí suas le dhá chéad dalta sa tseanscoil sa bhaile. Ach le blianta anuas, tá líon na ndaltaí sa scoil nua ag titim. In 2009, bhí tríocha trí dalta sa scoil seo. I mbliana, áfach, ag tús mhí Mheán Fómhair ní raibh ach trí dhalta ar an rolla don scoilbhliain nua. Aon mhúinteoir amháin atá sa scoil.

Anois áfach, nuair a thug muid cuairt ar an scoil, ní raibh aon dalta sa scoil, agus dhearbhaigh an múinteoir nach raibh aon daltaí aici. Dhiúltaigh sí aon ní eile a rá. Tuigtear go raibh daltaí sa scoil suas go dtí deireadh mhí na Samhna. Dúirt an Roinn Oideachais gurb é cúram coiste nó pátrún scoile é a chur in iúl don Roinn nuair nach mbíonn aon daltaí fágtha i scoil. Dúradar³ go dtí seo nach raibh aon teagmháil faighte acu ó phátrún Scoil Náisiúnta na Croise. Ní raibh aon fhonn ar éinne ón bpobal áitiúil anseo nó ó choiste bainistíochta na scoile labhairt go poiblí faoi thodhchaí na scoile anseo. Ach, go príobháideach, dúirt daoine ón bpobal áitiúil anseo gur buille a bheadh ann don gceantar dá ndúnfaí an scoil náisiúnta, rud atá acu anseo le os cionn céad bliain.

Deir an Roinn Oideachais go bhfuil dualgas ar choiste bainistíochta a chur in iúl don Roinn nuair nach bhfuil aon daltaí fágtha ar scoil. Agus go dtosaíonn próiseas ansin chun aon mhúinteoirí atá sa scoil a aistriú go dtí scoileanna eile sa cheantar.

Tomás Ó Mainnín, Nuacht TG4, sa Chrois in iarthar Chontae an Cláir.

¹ go a dúradh

² roimhe an leagan caighdeánach

³ dúirt siad an leagan caighdeánach